2026/914

23.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/914 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Aibreán 2026

lena leasaítear Iarscríbhinní V, XIII agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1), pointe (b) agus Airteagal 232(3), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach bhfuil teacht isteach coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó críocha san Aontas le ceadú ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó críoch i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go sonrach, le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach an liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbacha a theacht isteach san Aontas.

(5) An 2 Aibreán 2026, chuir an Bhotsuáin an Coimisiún ar an eolas faoi ráig den ghalar crúb agus béil (GCB) i mbunaíocht bó-ainmhithe Ramatlabama i réigiún Barolong, i gCeantar Theas na Botsuáine, ráig a dheimhnigh na húdaráis inniúla an 1 Aibreán 2026 le hanailís saotharlainne (RT-PCR agus AC-ELISA). Tá an bhunaíocht sin lonnaithe laistigh de chrios rialaithe galar tréidliachta 11 arna ainmniú ag údaráis inniúla na Botsuáine áit a bhfuil an t-aon seamlas atá liostaithe san Aontas atá formheasta maidir le feoil úr ó chrúbacha áirithe a theacht isteach san Aontas lonnaithe freisin agus nach bhfuil aon bheart rialaithe gluaiseachta ná aon bhacainn fhisiceach i bhfeidhm aige leis na criosanna rialaithe galar tréidliachta 12 agus 13.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/404/oj).

(6) Thairis sin, tar éis an fhógra láithrigh faoi ráig GCB i réigiún Barolong, i gCeantar Theas na Botsuáine, fógra a chuir Toscaire na Botsuáine faoi bhráid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), chuir WOAH ar fionraí stádas 'saor ó GCB i gcás nach ndéantar vacsaíniú' an chreasa ina bhfuil criosanna rialaithe galar tréidliachta 3c (Dukwi), 4b, 5, 6a, 8, 9, 10, 11, 12 agus 13 arna n-ainmniú ag údaráis inniúla na Botsuáine, mar atá aitheanta ag Comhthionól Domhanda na dToscairí i dtéarmaí Rún Uimh. 13 i mí na Bealtaine 2025, le héifeacht ón 31 Márta 2026.

(7) Sa liosta de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, sonraítear go n-údaraítear coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbaigh áirithe a theacht isteach san Aontas ó chriosanna BW-1, arb é atá iontu criosanna rialaithe galar tréidliachta 4b, 5, 8 agus 9, BW-2, arb é atá iontu criosanna rialaithe galar tréidliachta 10, 11 agus 13, BW-3, arb é atá iontu crios rialaithe galar tréidliachta 12, agus BW-5, arb é atá iontu crios rialaithe galar tréidliachta 6a, sa Bhotsuáin.

(8) De dheasca an riosca a bhaineann le GCB a thabhairt isteach san Aontas trí bhíthin coinsíneachtaí d'fheoil úr ó chrúbacha áirithe ón mBotsuáin agus ag cur san áireamh go háirithe Airteagal 124, pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena dtoirmeasctar ainmhithe a iompar óna mbunaíochtaí tionscnaimh chuig an seamlas trí chriosanna nach liostaítear lena dteacht isteach san Aontas, níor cheart údarú a thabhairt a thuilleadh coinsíneachtaí den sórt sin a theacht isteach san Aontas ó chriosanna BW-1, BW-2, BW-3 agus BW-5 sa Bhotsuáin.

(9) Ina theannta sin, in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch atá údaraithe, faoi seach, maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(10) An 16 Aibreán 2026, thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcúige Saskatchewan, ráig a deimhníodh an 13 Aibreán 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(11) An 12 Aibreán 2026 agus an 15 Aibreán 2026, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi thrí ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcontaetha Cambridgeshire agus Lincolnshire, i Sasana, ráigeanna a deimhníodh an 11 Aibreán 2026 agus an 14 Aibreán 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(12) An 2 Aibreán 2026 agus an 16 Aibreán 2026, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 14 ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Arkansas, Indiana, Pennsylvania, agus South Dakota, ráigeanna a deimhníodh idir an 31 Márta 2026 agus an 14 Aibreán 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, thug údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe fógra faoi bhunú criosanna srianta 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus faoi chur chun feidhme beartais díothaithe chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(14) Tá faisnéis bhreise curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin agus maidir leis na bearta a rinneadh chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí.

(15) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, is iomchuí teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na limistéir lena mbaineann na ráigeanna nua sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus na dátaí a deimhníodh na ráigeanna á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(16) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthartha don Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha faoi seach a mhéid a bhaineann le ráigeanna a bhí ann roimhe seo den fhliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(17) Go sonrach, an 13 Aibreán 2026, chuir Ceanada faisnéis cothrom le dáta isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta a bhí déanta aige i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúige Alberta, ráig a deimhníodh an 21 Samhain 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(18) An 14 Aibreán 2026, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis cothrom le dáta isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta a bhí déanta aici i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcontae Yorkshire, Sasana, ráig a deimhníodh an 3 Márta 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(19) An 9 Aibreán 2026, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta a rinne siad i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Colorado, Florida, Idaho, North Carolina, Pennsylvania, South Dakota, agus Washington, ráigeanna a deimhníodh idir an 20 Deireadh Fómhair 2025 agus an 3 Márta 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(20) Tá an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas go raibh beartas díothaithe curtha chun feidhme acu, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus go raibh na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe sna bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe.

(21) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faoina bhráid ina leith sin agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí san Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na criosanna atá buailte a chur ar fionraí, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna buailte den Ríocht Aontaithe agus de na Stáit Aontaithe agus óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, gur cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada agus leis na Stáit Aontaithe sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(22) Agus staid GCB sa Bhotsuáin agus na ráigeanna nua den fhliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V, XIII agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V, XIII agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V, XIII agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.314:

‘**CA** Ceanada	CA-2.314	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.11.2025	19.4.2026’

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios CA-2.330 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.329:

‘**CA** Ceanada	CA-2.330	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		13.4.2026’	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.466:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.466	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.3.2026	10.4.2026’

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo le haghaidh chriosanna GB-2.467, GB-2.468 agus GB-2.469 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.466:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.467	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		11.4.2026	
	GB-2.468		N, P1		14.4.2026	
	GB-2.469		N, P1		14.4.2026’	

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1093:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1093	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		20.10.2025	26.3.2026’

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1113:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1113	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		6.11.2025	2.4.2026’

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1152:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1152	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.11.2025	1.4.2026’

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1155, US-2.1156 agus US-2.1157:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1155	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.11.2025	1.4.2026
	US-2.1156		N, P1		26.11.2025	1.4.2026
	US-2.1157		N, P1		26.11.2025	1.4.2026’

(ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1176:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US–2.1176	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		4.12.2025	1.4.2026’

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1237:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1237	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.1.2026	7.4.2026’

(xi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1270:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1270	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		17.2.2026	9.4.2026’

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1280:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1280	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		19.2.2026	29.3.2026’

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1288:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1288	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		24.2.2026	6.4.2026’

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1306:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1306	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.3.2026	1.4.2026’

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1357 go US-2.1370 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1356:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1357	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		31.3.2026	
	US-2.1358		N, P1		1.4.2026	
	US-2.1359		N, P1		31.3.2026	
	US-2.1360		N, P1		31.3.2026	
	US-2.1361		N, P1		3.4.2026	
	US-2.1362		N, P1		3.4.2026	
	US-2.1363		N, P1		31.3.2026	
	US-2.1364		N, P1		3.4.2026	
	US-2.1365		N, P1		1.4.2026	
	US-2.1366		N, P1		8.4.2026	
	US-2.1367		N, P1		8.4.2026	
	US-2.1368		N, P1		13.4.2026	
	US-2.1369		N, P1		14.4.2026	
	US-2.1370		N, P1		10.4.2026'	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios CA-2.330 tar éis na tuairisce ar chrios CA-2.329:

'Ceanada	CA-2.330	Saskatchewan – Latitude 51.2, Longitude -108 The municipalities involved are: 3km PZ: Kyle, Lacadena, and Monet 10km SZ: Kyle, Lacadena, and Monet'

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chriosanna GB-2.467, GB-2.468 agus GB-2.469 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.466:

"an Ríocht Aontaithe	GB–2.467	near Market Rasen, West Lindsey, Lincolnshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.35 and Long: W0.38
	GB-2.468	near Gainsborough, West Lindsey, Lincolnshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.44 and Long: W0.74
	GB-2.469	near Great Shelford, South Cambridgeshire, Cambridgeshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.14 and Long: E0.10'

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.1357 go US-2.1370 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.1356:

‘Na Stáit Aontaithe	US-2.1357	State of South Dakota Edmunds 17 Edmunds County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.1308661°W 45.4350642°N)
	US-2.1358	State of South Dakota McPherson 16 McPherson County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.5106187°W 45.7228060°N)
	US-2.1359	State of Indiana Elkhart 38 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6575685°W 41.7228382°N)
	US-2.1360	State of Indiana Elkhart 39 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6824473°W 41.6923615°N)
	US-2.1361	State of Indiana Elkhart 40 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6706250°W 41.7261796°N)
	US-2.1362	State of Indiana Elkhart 41 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6887047°W 41.6964121°N)
	US-2.1363	State of Indiana LaGrange 85 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6041250°W 41.6397435°N)
	US-2.1364	State of Indiana LaGrange 86 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6398612°W 41.8428044°N)
	US-2.1365	State of Pennsylvania Bucks 03 Bucks County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 75.0736794°W 40.6150462°N)
	US-2.1366	State of Indiana LaGrange 87 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5965163°W 41.6337128°N)

	US-2.1367	State of South Dakota Hutchinson 07 Hutchinson County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.8318390°W 43.5787183°N)
	US-2.1368	State of South Dakota Edmunds 18 Edmunds County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.0537833°W 45.5076056°N)
	US-2.1369	State of South Dakota Charles Mix 16 Charles Mix County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.4674689°W 43.3093378°N)
	US-2.1370	State of Arkansas Clay 02 Clay County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 90.2924988°W 36.3805521°N)'

2) in Iarscríbhinn XIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrálacha a bhaineann leis an mBotsuáin:

'**BW** an Bhotsuáin	BW-1	Bó-ainmhithe	BOV	Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach		1.4.2026	
		Ainmhithe den chineál aorach agus den chineál gabhar	OVI				
		Crúbacha géim saothraithe	RUF				
		Crúbacha géim fhiáin	RUW				
	BW-2	Bó-ainmhithe	BOV	Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach		1.4.2026	
		Ainmhithe den chineál aorach agus den chineál gabhar	OVI				
		Crúbacha géim saothraithe	RUF				
		Crúbacha géim fhiáin	RUW				
	BW-3	Bó-ainmhithe	BOV	Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach		1.4.2026	
		Ainmhithe den chineál aorach agus den chineál gabhar	OVI				
		Crúbacha géim saothraithe	RUF				
		Crúbacha géim fhiáin	RUW				

	BW-4	Bó-ainmhithe	BOV	Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach		28.5.2013	
	BW-5	Bó-ainmhithe	BOV	Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach		1.4.2026	
		Ainmhithe den chineál aorach agus den chineál gabhar	OVI				
		Crúbacha géim saothraithe	RUF				
		Crúbacha géim fhiáin	RUW				
	BW-6	Bó-ainmhithe	BOV	Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach		27.8.2022	
		Ainmhithe den chineál aorach agus den chineál gabhar	OV				
		Crúbacha géim saothraithe	RUF				
		Crúbacha géim fhiáin	RUW				
	BW-7	Bó-ainmhithe	BOV	Aibiú agus díchnámhú Cosc ar scairteach		29.1.2026’	

(3) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.314:

‘**CA** Ceanada	CA-2.314	POU, RAT	N, P1		21.11.2025	19.4.2026
		GBM	P1		21.11.2025	19.4.2026’

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios CA-2.330 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.329:

‘**CA** Ceanada	CA-2.330	POU, RAT	N, P1		13.4.2026	
		GBM	P1		13.4.2026’	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.466:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.466	POU, RAT	N, P1		3.3.2026	10.4.2026
		GBM	P1		3.3.2026	10.4.2026’

(d) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo le haghaidh chriosanna GB-2.467, GB-2.468 agus GB-2.469 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.466:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.467	POU, RAT	N, P1		11.4.2026	
		GBM	P1		11.4.2026	
	GB-2.468	POU, RAT	N, P1		14.4.2026	
		GBM	P1		14.4.2026	
	GB-2.469	POU, RAT	N, P1		14.4.2026	
		GBM	P1		14.4.2026'	

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1093:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1093	POU, RAT	N, P1		20.10.2025	26.3.2026
		GBM	P1		20.10.2025	26.3.2026'

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1113:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1113	POU, RAT	N, P1		6.11.2025	2.4.2026
		GBM	P1		6.11.2025	2.4.2026'

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1152:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1152	POU, RAT	N, P1		18.11.2025	1.4.2026
		GBM	P1		18.11.2025	1.4.2026'

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1155, US-2.1156 agus US-2.1157:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1155	POU, RAT	N, P1		26.11.2025	1.4.2026
		GBM	P1		26.11.2025	1.4.2026
	US-2.1156	POU, RAT	N, P1		26.11.2025	1.4.2026
		GBM	P1		26.11.2025	1.4.2026
	US-2.1157	POU, RAT	N, P1		26.11.2025	1.4.2026
		GBM	P1		26.11.2025	1.4.2026'

(i) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1176:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1176	POU, RAT	N, P1		4.12.2025	1.4.2026
		GBM	P1		4.12.2025	1.4.2026'

(j) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1237:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1237	POU, RAT	N, P1		14.1.2026	7.4.2026
		GBM	P1		14.1.2026	7.4.2026’

(k) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1270:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1270	POU, RAT	N, P1		17.2.2026	9.4.2026
		GBM	P1		17.2.2026	9.4.2026’

(l) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1280:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1280	POU, RAT	N, P1		19.2.2026	29.3.2026
		GBM	P1		19.2.2026	29.3.2026’

(m) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1288:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1288	POU, RAT	N, P1		24.2.2026	6.4.2026
		GBM	P1		24.2.2026	6.4.2026’

(n) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1306:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1306	POU, RAT	N, P1		3.3.2026	1.4.2026
		GBM	P1		3.3.2026	1.4.2026’

(o) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1357 go US-2.1370 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1356:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1357	POU, RAT	N, P1		31.3.2026	
		GBM	P1		31.3.2026	
	US-2.1358	POU, RAT	N, P1		1.4.2026	
		GBM	P1		1.4.2026	
	US-2.1359	POU, RAT	N, P1		31.3.2026	
		GBM	P1		31.3.2026	
	US-2.1360	POU, RAT	N, P1		31.3.2026	
		GBM	P1		31.3.2026	
	US-2.1361	POU, RAT	N, P1		3.4.2026	
		GBM	P1		3.4.2026	
	US-2.1362	POU, RAT	N, P1		3.4.2026	
		GBM	P1		3.4.2026	

	US-2.1363	POU, RAT	N, P1		31.3.2026	
		GBM	P1		31.3.2026	
	US-2.1364	POU, RAT	N, P1		3.4.2026	
		GBM	P1		3.4.2026	
	US-2.1365	POU, RAT	N, P1		1.4.2026	
		GBM	P1		1.4.2026	
	US-2.1366	POU, RAT	N, P1		8.4.2026	
		GBM	P1		8.4.2026	
	US-2.1367	POU, RAT	N, P1		8.4.2026	
		GBM	P1		8.4.2026	
	US-2.1368	POU, RAT	N, P1		13.4.2026	
		GBM	P1		13.4.2026	
	US-2.1369	POU, RAT	N, P1		14.4.2026	
		GBM	P1		14.4.2026	
	US-2.1370	POU, RAT	N, P1		10.4.2026	
		GBM	P1		10.4.2026’	